

Spléach-Threoir

www.singlepensionscheme.gov.ie

Scor Iar-Chomhalta Scéime

Cad iad na sochair scoir atá iníoctha d'iar-Chomhalta na Scéime?

Más iar-chomhalta den scéim thú a bhfuil teidlíocht agat ar shochair a bhí curtha siar, ní mór go mbaineann na gnéithe seo a leanas leat le bheith incháilithe teacht ar na sochair scoir seo:

- ▶ Ranníocaíocht déanta i leith na scéime le 24 mí nó níos mó agus tú i bhfostaíocht inphinsin; agus
- ▶ Gnáthaois scoir bainte amach agat.

Cad é mo Ghnáthaois Scoir?

Is ionann do Ghnáthaois Scoir agus an aois cháilitheachta le haghaidh an Phinsin Stáit Ranníocacaigh, a íocann An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

Cén Caoi a ríomhtar mo ghnáthshochair scoir?

Fabhraíonn tú dhá chineál sochar, ar a dtugtar méideanna inchurtha orthu, gach uair a íoctar thú agus tú i do chomhalta den Scéim.

I ngach tréimhse íoca, fabhraíonn tú méideanna sochair i dtreo:

- ▶ do shochar cnapshuime scoir; agus
- ▶ do shochar pinsin scoir bliantúil.

Braitheann do thuilleamh inphinsin den chuid is mó ar an méid a shaothraíonn tú mar mhéideanna sochair i ngach tréimhse íoca.

Is féidir go méadófar méideanna sochair a saothraíodh le linn blianta níos luaithe do bhallaíochta den Scéim sna blianta amach anseo le boilsíú a chur san áireamh.

Tráth do scoir, suimítear gach ceann de na méideanna sochair agus socraíonn sé seo cad iad na sochair scoir a mbeidh agat.

Is féidir teacht ar shamplaí cuimsitheacha faoin dóigh a ríomhtar sochair scoir, do chomhalta lánaimseartha nó do chomhalta páirtaimseartha, i do Bhileog Faisnéise Scéime.

An bhfuil teacht agam ar mo shochair sula mbainim mo Ghnáthaois Scoir amach?

Níl. An t-aon chúis inár féidir leat cur isteach ar do shochair scoir a fháil roimh do Ghnáthaois Scoir ná ar chúinsí dáiríre drochshláinte. Braitheann a leithéid d'iaratas ar dhianchritéir leighis.

An méadófar mo Scéim Pinsin Aonair i ndiaidh dom dul ar scor?

Is féidir go méadófar do phinsean i ndiaidh duit dul ar scor ar aon dul le haon méaduithe ar bhoilsíú, ag brath ar fhaomhadh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Cad é a tharlaíonn má fhaighim bás i ndiaidh dom dul ar scor?

Má fhágann tú Céile, Páirtí Sibhialta nó leanbh cleithiúnach atá fós beo agus incháilithe i do dhiaidh, is féidir go mbeidh siad incháilithe pinsean a fháil.

An bhfuil mé i dteideal Pinsin Stáit Ranníocaigh freisin?

D'fhéadfadh go mbeifeá i dteideal an Pinsin Stáit Ranníocaigh a fháil a mbeadh iníoctha leat as féin ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ag do ghnáthaois scoir.

Tá teidlíocht do Phinsean Stáit Ranníocach bunaithe ar chritéir cháilitheachta a socraíonn an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Ní féidir ach teacht ar thuilleadh eolais faoi theidlíocht Pinsin Stáit Ranníocaigh, lena n-áirítear sonraí ar chritéir cháilitheachta, ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí ach scairt a chur ar LoCall 1890 500 000 nó dul ar a suíomh idirlín ag www.welfare.ie

Cá háit ar féidir liom teacht ar thuilleadh eolais ar shochair mo Scéim Scoir Aonair?

Is féidir teacht ar eolas níos ginearálta, lena n-áirítear cóip de do **Bhileog Faisnéise Scéime**, i réimse comhaltaí shuíomh idirlín na Scéime Aonair ag www.singlepensionscheme.gov.ie/for-members/

Má tá ceisteanna ar leith agat nó má tá a thuilleadh cabhrach uait, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Pinsin d'fhostóra a mbeidh in ann cabhrú leat.

